**Ráiteas Tosaigh don Choiste um Chuntais Phoiblí**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Bhoird Pleanála 2021**

**27 Aibreán 2023**

A Chathaoirligh agus a Chomhaltaí den Choiste,

Oonagh Buckley is ainm dom. Ceapadh mar Chathaoirleach Eatramhach an Bhoird Pleanála mé i mí Eanáir na bliana seo, tar éis mo cheapacháin chun an Bhoird i mí na Nollag 2022.

In éineacht liom inniu, tá an Leas-Chathaoirleach Chris McGarry; an Príomhoifigeach Bríd Hill; Gerard Egan, Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha; agus Anne Killian, Ceannasaí Airgeadais.

Cé go léireoidh an ráiteas tosaigh seo gníomhaíocht in 2021 go príomha, beidh gá tagairt a dhéanamh d’imeachtaí a tharla in 2022, agus i mbliana freisin.

**Tuarascáil Bhliantúil 2021**

Mar is eol do chomhaltaí an Choiste, foilsíodh tuarascáil bhliantúil an Bhoird don bhliain 2021 os comhair an Oireachtais cúpla seachtain ó shin. Leagfaidh mé amach cuid de phríomhfhaisnéis na tuarascála sin.

Ar an iomlán, tháinig méadú ar ghníomhaíocht san earnáil phleanála in 2021. Ba léiriú é seo i bpáirt ar théarnamh na ngníomhaíochtaí ar chuir an phaindéim isteach orthu, chomh maith le méadú ar ghníomhaíocht na forbartha cónaithe agus gníomhaíocht eacnamaíoch níos leithne thar réimse earnálacha go ginearálta.

Mar gheall air sin, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht an Bhoird in 2021, i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú ar líon iomlán na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an Bhoird; fuarthas 3,251 cás ar fad in 2021, sin méadú 18% ar an mbliain roimhe sin. Chinn an Bord 2,775 cás ar fad in 2021, sin méadú beagán faoi bhun 6% ar líon iomlán na gcásanna a chinn an Bord in 2020.

Maidir le hachomhairc phleanála, arb ionann iad agus thart ar 75% de chásobair an Bhoird, thit an ráta comhlíonta lenár dtréimhse oibiachtúil reachtúil de 18 seachtaine go 58% in 2021, síos ó 76% in 2020. Deirtear liom gur tharla sé seo mar gheall ar chúinsí éagsúla, mar shampla, an t-ardú suntasach ar líon na gcásanna a fuarthas, laghdú ar an acmhainn foirne mar thoradh ar Covid nuair a bhí tréimhsí aonraithe, asláithreacht agus athruithe ar chleachtais oibre ag tarlú i bhfianaise na srianta leanúnacha, agus bhí go leor fadhbanna ó thaobh acmhainn foirne de le bainistiú freisin, lena n-áirítear folúntais a líonadh i dtimpeallacht dhúshlánach.

Glacann an Bord le hiarratais dhíreacha i gcásanna áirithe. Is iad na cinn is ábhartha díobh seo ná na hiarratais ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta faoi reachtaíocht

2016 (atá tagtha chun críche anois) agus iarratais ar bhonneagar straitéiseach faoi reachtaíocht ó 2006 ar aghaidh.

Mar a éilítear faoi reachtaíocht 2016 a ghearr fíneáil phionóis ar an mBord i gcás nár chomhlíon sé an tréimhse oibiachtúil reachtúil níos giorra i gcás forbairtí straitéiseacha tithíochta, i.e. 16 seachtaine, thug an Bord tosaíocht do chinntí ar chásanna forbairtí straitéiseacha tithíochta le linn 2021 nuair a cinneadh beagán sa bhreis ar 100 cás. Cinneadh gach cás díobh seo go léir laistigh den amlíne reachtúil, ach amháin aon chás amháin agus gearradh pionós €10,000 ar an mBord dá bharr sin.

Dheonaigh an Bord cead i 76 cás agus dhiúltaigh sé cead i 25 cás. Fuarthas 127 iarratas eile an bhliain sin.

Fuair an Bord 30 iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh in 2021, sin méadú ó 24 in 2020. Cinneadh 30 cás ar fad in 2021, sin méadú ó 19 in 2020.

Fuarthas 74 iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais i rith 2021. B'ionann é sin agus méadú 24 ar líon na n-iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais in 2020. Léirigh sé seo méadú suntasach ar líon na móriarratas casta a bhí á mbreithniú agus á moladh. Chloígh 21% de na cásanna casta seo leis an tréimhse oibiachtúil reachtúil ábhartha in 2021, i gcomparáid le 17% in 2020.

Leanadh ar aghaidh in 2021 leis an méadú suntasach a tháinig ar líon na n-agóidí dlíthiúla a rinneadh i gcoinne chinntí an Bhoird in 2020: rinneadh 83 agóid dhlíthiúla in 2020 agus 95 in 2021. I gcás na n-iarratas seo ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar dhlíthiúlacht chinntí an Bhoird, bíonn gá le mionscrúdú dlíthiúil suntasach a dhéanamh ar ábhair chasta nós imeachta agus léirmhínithe a bhaineann le dlí agus beartas náisiúnta, le treoracha comhshaoil an Aontais Eorpaigh agus le saincheisteanna eile a eascraíonn go speisialta as an bpróiseas iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta.

Baineann costais mhóra dlí le hionadaíocht a dhéanamh os comhair na gCúirteanna. Caitheadh €7.8 milliún ar chostais dlí in 2021. Baineann na costais dlí seo le costais an Bhoird i ndáil le hionadaíocht aturnae agus abhcóide, agus le costais an pháirtí eile a íoc i gcás gur cailleadh nó gur géilleadh cás. Tá go leor íocaíochtaí fós le socrú, agus ceanglaítear ar an mBord soláthar leanúnach substaintiúil a dhéanamh do na dliteanais sin atá fós amuigh.

**2022**

A Chathaoirligh, a Chomhaltaí an Choiste, ba bhliain fíordheacair í 2022 don Bhord Pleanála. Tharraing an Bord aird mhór rialála agus phoiblí ar a chuid oibríochtaí agus nósanna imeachta, go háirithe maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an phróisis cinnteoireachta. D'éirigh roinnt comhaltaí as a róil ar an mBord, lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach i mí Iúil agus

an Cathaoirleach i mí na Samhna, agus d'éirigh comhaltaí eile as de réir mar a chuaigh a dtéarmaí oifige in éag.

A Chathaoirligh, tuigfidh tusa agus comhaltaí an Choiste nach féidir liom na saincheisteanna sin a phlé go mion toisc go bhfuil cúrsaí ar feitheamh os comhair na gcúirteanna. Is leor a rá go raibh drochthionchar ar fad ag na fágálacha seo ar cháil an Bhoird. Tháinig meath suntasach ar fheidhmíocht fhoriomlán an Bhoird sa dara leath de 2022.

Laghdaigh imeacht na gcomhaltaí boird cumas an bhoird cinntí a dhéanamh. Is féidir a rá go raibh lagmhisneach ar an bhfoireann leis.

Ar mhaithe le ceachtanna a fhoghlaim ón méid a tharla agus lena chinntiú nach féidir lena leithéid tarlú arís, cheap mé Lorna Lynch, Abhcóide Sinsearach, mar imscrúdaitheoir seachtrach ag tús na bliana chun fiosrúchán scóipe a dhéanamh ar líon suntasach comhad agus chun moltaí a dhéanamh dom maidir le bearta ar bith is gá a ghlacadh. Tá próiseas tosaithe le déanaí ag Lorna Lynch agus comhghleacaí léi ina bhfuil agallaimh á gcur ar chomhghleacaithe ar an mBord. Chuir mé in iúl di go bhfoilseofar a tuarascáil deiridh, cé go gcuirfí moill air sin dá mba rud é go gcaithfí gníomh araíonachta nó gníomh ar bith eile a ghlacadh, de réir mar is cuí, i ndiaidh an fhiosrúcháin scópála.

Mar a dúirt mé, le himeacht chomhaltaí an Bhoird, imeachtaí a bhí sceidealaithe san áireamh, laghdaíodh go mór an cumas cinnteoireachta foriomlán ag leibhéal an Bhoird. Ó mhí na Samhna 2022 ní raibh ach ceathrar comhaltaí Boird reatha fós ar fáil chun cinntí a dhéanamh. Gan Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirligh a bheith ann, ní raibh an Bord i riocht dlíthiúil cinntí áirithe a dhéanamh maidir le Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta agus Forbairtí Bonneagair Straitéisigh. Níor athbhunaíodh an inniúlacht dhlíthiúil sin go dtí gur ceapadh mise mar Chathaoirleach agus ceapadh an tUasal McGarry mar Leas-Chathaoirleach i mí Eanáir na bliana seo.

Cé gur tháinig laghdú beag ar líon iomlán na gcásanna a fuair an Bord in 2022 (3,058, 6% níos lú ná in 2021), tháinig laghdú mór ar líon na gcásanna a chinn an Bord in 2022. Cinneadh 2,090 cás, sin laghdú 25% ar 2021 agus thit an ráta comhlíonta leis an tréimhse oibiachtúil reachtúil i gcás gnáthachomhairc phleanála go 45%, agus tá sé tar éis titim níos mó ó shin i leith.

Beidh sé an-dúshlánach ar fad an treocht anuas seo ó thaobh tréimhsí oibiachtúla reachtúla de a aisiompú chun filleadh ar leibhéil chomhlíonta níos inghlactha in 2023. Mar sin féin, i bhfianaise cheapachán tapa na gcomhaltaí boird, le 15 comhaltaí ceaptha amhail an tseachtain seo, beidh sé ar chumas an Bhoird leibhéal i bhfad níos airde de chinnteoireacht sheachtainiúil a dhéanamh arís nuair a bheidh oiliúint curtha ar na comhaltaí Boird nua. Táim muiníneach go bhfuil méadú ag teacht ar an méid cinntí atá á ndéanamh ag an mBord agus leanfar leis sin.

Táim ag obair freisin le comhghleacaithe ó gach réimse den Bhord Pleanála chun féachaint conas is féidir linn an riaráiste suntasach oibre ó 2021 agus 2022 a laghdú sa chuid eile den bhliain seo. Tá acmhainní breise foirne ceadaithe ag an Roinn agus táimid ag iarraidh iad a earcú chomh tapa agus is féidir. Cuirfear cuid de na hearcaigh nua seo i mbun na bhfeidhmeanna nua a bhaineann le forbairtí mara agus a sannadh don Bhord le déanaí faoi reachtaíocht 2021, agus úsáidfear cuid díobh chun acmhainn a chothú ar fud fheidhmeanna reatha an Bhoird.

In 2022, fuarthas 127 cás um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus rinneadh cinneadh maidir le 80 díobh seo. Tháinig méadú ar líon na gcásanna um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fuarthas in 2022, go háirithe i mí Aibreáin, i bpáirt mar gheall gur tháinig deireadh leis an reachtaíocht ábhartha ag deireadh 2021. Tháinig an méadú sin díreach nuair nach raibh go leor cinnteoirí ann chun na cásanna a fuarthas a chinneadh laistigh den teorainn ama reachtúil.

Bhí ar an mBord Pleanála líon suntasach íocaíochtaí pionóis a dhéanamh le hiarratasóirí i gcás nach ndearnadh cinntí ar iarratais a bhain le forbairtí tithíochta straitéiseacha laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil faoi Acht 2016, i.e. 16 seachtaine (faoi réir eisceachtaí áirithe). Mar a luaigh mé, ní dhearnadh ach íocaíocht amháin den sórt sin in 2021 – an pionós €10,000 - ach rinneadh 134 íocaíocht arbh fhiú €1.34m san iomlán iad in 2022.

Tá líon suntasach iarratas fós laistigh den chóras agus déanfar iad sin a chinneadh sna míonna amach romhainn, agus tá na hiarratais nua um Fhorbairtí Mórscála Cónaithe á ndéanamh chuig údaráis phleanála áitiúla, agus i gcásanna áirithe, á n-achomharc chuig an mBord.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na gcásanna um athbhreithniú breithiúnacha a bhíonn ag an mBord Pleanála maidir lena chinntí. Mar a luaigh mé cheana, baineann go leor de na cásanna seo le hábhair chasta um nós imeachta agus léirmhíniú. Le blianta beaga anuas, géilleadh nó cailleadh líon mór de na cásanna seo, mar gheall i bpáirt ar an gcastacht dhlíthiúil seo agus na saincheisteanna nua a bhaineann leis an bpróiseas straitéiseach tithíochta. Le 3 bliana anuas, tá meánchostais dlí bliantúla an Bhoird thart ar 2½ uair níos mó ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

Tá an Bord ag cur lena acmhainn chun na cásanna seo a láimhseáil amach anseo. Tá rún daingean agam go bhfeabhsóimid próiseáil agus cinnteoireacht cásanna amach anseo, trí cheannaire seirbhísí dlí a fhostú agus an t-aonad dlí inmheánach a leathnú. Táimid i mbun tairiscintí a chur amach an athuair freisin chun gnólachtaí seachtracha dlí a fháil d'fhonn cur le líon na ngnólachtaí a láimhseálfaidh cásanna don Bhord.

**2023**

Tá roinnt tosaíochtaí agam féin agus ag an mBord i mbliana. Is iad sin:

- An riaráiste oibre a laghdú agus cinnteoireacht thráthúil a athbhunú maidir le hachomhairc agus iarratais a chuirtear faoi bhráid an Bhoird.
- Na feidhmeanna nua arna sannadh don Bhord a bhainistiú, i.e. iarratais a bhaineann le tionscadail mhuirí suntasacha faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 agus achomhairc a bhaineann le Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe faoi Alt 80 den Acht Airgeadais, 2021. Cuirfear tús le plé réamhiarratais ar thionscadail mhuirí i mí na Bealtaine. Tá achomhairc maidir leis an gcáin ar thalamh criosaithe ag teacht faoi bhráid an Bhoird anois.
- Oibriú trí na gníomhartha atá leagtha amach i bplean forfheidhmithe an Bhoird a dréachtaíodh mar fhreagra ar na moltaí i bPlean Gníomhaíochta an Aire don Bhord Pleanála, agus sa dá thuarascáil ó Oifig an Rialtóra Pleanála. Cuimsítear sa phlean seo méid suntasach oibre atá dírithe ar mhuinín an phobail a athbhunú in obair an Bhoird. Ar cheann de na bearta tosaigh ba thábhachtaí ar thugamar tosaíocht dó, dhréachtaíomar Cód Iompair neartaithe do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann, agus scaipeamar orthu go léir é. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil dréacht-Chód nua réidh anois le haghaidh comhairliúcháin leis an Aire agus le hOifig an Rialtóra Pleanála agus ionadaithe foirne. Glacfaidh an Bord leis go foirmiúil nuair a bheidh na comhairliúcháin sin curtha i gcrích.
- Oibriú leis an Roinn ar an reachtaíocht nua pleanála, go háirithe de réir mar a bhaineann sé leis an mBord, agus tús a chur leis an bpróiseas athraithe inmheánach is gá a chur i bhfeidhm chun aistriú chuig múnla nua an Choimisiúin. Déanfaidh an Bille struchtúr inmheánach na heagraíochta a oiriúnú do mhúnla rialachais agus oibriúcháin nua-aimseartha, agus tabharfaidh sé soiléireacht níos fearr do róil na ndaoine a oibríonn ar fud na heagraíochta agus do na nósanna imeachta a leantar chun cinntí a dhéanamh maidir le comhaid phleanála.
- Na daoine iomchuí a earcú don Bhord chun a bhunchuspóir ríthábhachtach náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na comhaltaí Boird buana a thiocfaidh in ionad mo leithéid féin, seirbhísigh phoiblí a ceapadh ar bhonn eatramhach. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le mo chomhsheirbhísigh phoiblí a bhí sásta teacht chuig an mBord chun cabhrú leis an eagraíocht sa tréimhse dheacair seo.

A Chathaoirligh, a Chomhaltaí an Choiste, baineann stair fhada leis an mBord Pleanála ó bunaíodh é sna 1970idí agus is eagraíocht é a bhfuil a féiniúlacht agus cultúr láidir féin aige. Is mór an stró agus an dua a chaitheann lucht an Bhoird ag déileáil leis na dúshláin leanúnacha, idir imeachtaí na bliana seo caite agus na hualaí oibre nua agus reatha atá le déanamh acu, Tá gach duine againn ag

déanamh ár ndícheall agus táimid tiomanta do dhul chun cinn a bhaint amach sna míonna atá amach romhainn.

Go raibh maith agaibh as cluas éisteachta a thabhairt dom. Tá mé féin agus mo chomhghleacaithe sásta ceist ar bith atá agaibh a fhreagairt.